
# beatha le bua

# Neil Armstrong



# beatha le bua



Pictiúr Clúdaigh © AFP/Getty Images.

Pictiúir le © Getty Images.

Arna tháirgeadh agus arna fhoilsiú ag CCEA.

Gach ceart ar cosaint. Ní féidir cuid ar bith den leabhar seo a athfhoilsiú i gcruth ar bith nó ar dhóigh ar bith gan cead a fháil roimh ré ó CCEA.

Rewarding Learning

beatha
le bua

# NEIL ARMSTRONG




# NEIL ARMSTRONG

## Intreoir

Fuair Neil Armstrong bás ar 25ú Lúnasa 2012 agus é 82 bliain d'aois. Bhí Neil ar na daoine is clúití ar domhan as an éacht iontach a rinne sé sa bhliain 1969. Spásaire Meiriceánach a bhí ann agus ba é an chéad duine é a leag cos ar an Ghealach. Cé go ndearna spásairí eile ó shin é, beidh cuimhne go deo ar Neil mar an chéad duine a sheas agus a shiúil ar an Ghealach. Sár-réalta a bhí ann ar fud an domhain, go háirithe ina thír féin – Stáit Aontaithe Mheiriceá. Ach duine príobháideach a bhí ann chomh maith agus níor thaitin an clú agus an cháil leis ar chor ar bith. In áit a bheith beo ar an cháil sin, sheachain sé an phoiblíocht ar fad. B'fhearr leis saol ciúin a bheith aige in ainneoin a bheith ar na daoine is clúití ar domhan.

# NEIL ARMSTRONG



© FILMMAGIC

# NEIL ARMSTRONG

## Cúlra

Rugadh Neil Alden Armstrong ar 5ú Lúnasa 1930 in Ohio i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Chuir sé spéis san eitilt go luath ina shaol. Bhí sé 6 bliana d'aois nuair a chuaigh sé ar eitleán den chéad uair. Faoin am a raibh sé 15 bliana d'aois bhí a cheadúnas píolóta aige, is é sin sula raibh ceadúnas tiomána aige! Chuaigh sé leis an Innealtóireacht Aeraspáis ar choláiste ach níor bhain sé céim amach go dtí 1955 nó chuaigh sé le Mórchabhlach S.A.M idir an dá linn. Is ansin a rinneadh píolóta de. Throid sé i gCogadh na Cóiré a bhí ar siúl sna 1950í. In eachtra amháin scaoileadh ar an scairdeitleán ina raibh sé agus b'éigean dó teilgean as sular thit sé go talamh. Rinne cara leis tarrtháil air. D'fhág sé Mórchabhlach S.A.M. in 1952 i ndiaidh 78 aermhisean a dhéanamh.


# NEIL ARMSTRONG



© TIME & LIFE PICTURES/GETTY IMAGES

# NEIL ARMSTRONG

D’fhill sé ar an staidéar arís agus lean sé den fhoghlaim an chuid eile dá shaol agus bhain sé céimeanna éagsúla amach lena linn, fiú nuair a bhí sé ag obair go lánaimseartha. Is in Ollscoil Purdue a bhuail sé le Janet Shearon a bhí ina mac léinn fosta ag an am. Phós siad in 1956 agus bhí triúr páistí acu, beirt ghasúr agus iníon amháin. Fuair a iníon Karen bás mar gheall ar ailse in 1962. Ní raibh sí ach dhá bhliain d’aois.



# NEIL ARMSTRONG

## An teistphíolóta

**I** ndiaidh dó céim a bhaint amach rinne sé cinneadh gur mhaith leis a bheith ina theistphíolóta. Bhí sin ar na poist ba chontúirtí san eitilt nó b’éigean dó scairdeitleáin nua a thriail gan a bheith cinnte cé acu a bhí siad ag obair mar is ceart nó nach raibh. Bhí an obair iontach contúirteach ar fad agus ba mhinic a tháinig sé cóngarach don bhás. Tharraing Neil clú air féin go gasta mar theistphíolóta iontach cróga agus cliste. Chaith sé an chuid is mó den am seo lonnaithe i mBunáit Aerfhórsa Edwards. Le linn an ama sin, bhain sé triail as níos mó ná 200 cineál eitleán agus scairdeitleán.

# Neil Armstrong

## An spásaire

Ag deireadh na 1950í thosaigh an 'spásrás' idir an Rúis agus S.A.M. Go luath sna 1960í bhí an rás sin faoi lán seoil. Bhí an dá thír ag cur spásárthaí éagsúla i bhfithis thart ar an Domhan. Ba é an spásaire Rúiseach, Yuri Gagarin, an chéad duine a chuaigh thart ar an Domhan i spásárthach, in Aibreán 1961. Ní raibh na Meiriceánaigh sásta leis seo. Mar sin de, thug siad faoi fheachtas nua le spásaire Meiriceánach a chur chun na Gealaí, ní hamháin sin ach árthach a chur ar an Ghealach fosta agus ansin é a thabhairt abhaile arís. Bhí obair mhór le déanamh roimhe sin, áfach, agus bhí spásárthaí éagsúla le forbairt ar dtús. Bhí Neil Armstrong ar na chéad daoine a roghnaíodh le bheith páirteach san fheachtas sin chomh maith le spásairí eile a bheadh i mbéal an phobail sna blianta ina dhiaidh, John Glen mar shampla.


# NEIL ARMSTRONG



© AFP/GETTY IMAGES

# NEIL ARMSTRONG

Ba é Gemini 8 an spásárthach a bhí le forbairt ar dtús agus le cur i bhfithis thart ar an Domhan, agus ba é Neil Armstrong an ceannaire air. Seoladh Gemini 8 i Mí an Mhárta 1966. D'éirigh go maith leis agus ba é seo an chéad uair a bhí siad ábalta dhá spásárthach a thabhairt le chéile agus iad i bhfithis.



# NEIL ARMSTRONG




© TIME & LIFE PICTURES/GETTY IMAGES

# NEIL ARMSTRONG

## Apollo 11

Faoi lár na 1960í spreag an 'spásrás' misean Apollo. Ba é seo an spásárthach a chuirfeadh spásairí ar an Ghealach. In 1967 cuireadh foireann spásairí le chéile agus bhí Neil ina measc. Ach bhí tragóid mhór ann nuair a fuair triúr spásairí bás i dtine ar an chéad spásárthach Apollo 1 nuair a bhí siad ag traenáil. Shíl cuid mhór daoine ag an am go raibh deireadh leis an mhisean mar gheall air sin. Ach lean NASA ar aghaidh leis. Faoi dheireadh, seoladh Apollo 11 ar 16ú Iúil 1969 agus ba iad Neil Armstrong, Buzz Aldrin agus Michael Collins na spásairí ar an spásárthach. Is é '*Eagle*' an t-ainm a bhí ar an spáschapsúl a bheadh ag tuirlingt ar an Ghealach. Chuaigh gach rud go maith ach chóir a bheith gur rith an spáschapsúl as breosla. Bhí teannas millteanach i mbunáit NASA in Houston, Texas. Ach ar 20ú Iúil 1969, gan ach soicindí de bhreosla fágtha acu, thuirling

# NEIL ARMSTRONG




© GETTY IMAGES


# NEIL ARMSTRONG

siad go slán sábháilte ar an Ghealach. Ansin, tharla an rud a raibh gach duine ar an Domhan ag fanacht leis – d'oscail Neil doras an spáschapsúil, tháinig amach as agus leag cos ar an Ghealach. Go díreach nuair a leag sé a chos ar dhromchla na Gealaí, chualathas na focail chlúiteacha sin fosta, *'Sin céim bheag amháin do dhuine, léim ollmhór don chine dhaonna.'* Bhí na milliúin duine ag amharc air seo beo ar an teilifís. Ní fhacthas agus níor chualathas a leithéid riamh. Ba mhór an t-éacht é. Bomaití ina dhiaidh sin, chuir Buzz Aldrin a chos ar an Ghealach fosta. Shiúil siad tamall, chruinnigh siad carraigeacha agus chuir siad suas bratach S.A.M. Chaith siad thart faoi dhá uair go leith ar fad ar an Ghealach. Tháinig siad slán sábháilte ar ais ón Ghealach ansin. Rinneadh a mhór díobh agus bhí siad i mbéal an phobail ar fud an domhain. Ba laochra iad.

# NEIL ARMSTRONG



© TIME & LIFE PICTURES/GETTY IMAGES


NEIL

# ARMSTRONG



© TIME & LIFE PICTURES/GETTY IMAGES


# NEIL ARMSTRONG

## An saol ina dhiaidh sin

Go luath ina dhiaidh sin, d'fhógair Neil nach raibh sé ag iarraidh filleadh ar ais ar an spás agus d'fhág sé NASA in 1971. Rinne sé rudaí éagsúla ina dhiaidh sin ach thar rud ar bith eile bhí saol ciúin de dhíth air. Chuaigh sé ar ais ar Ollscoil Cincinnati mar ollamh leis an Innealtóireacht Aeraspáis. Chaith sé ocht mbliana ansin ag léachtóireacht. Bhí taom croí aige in 1991 ach tháinig biseach air. In 1994 scar sé féin agus a bhean chéile i ndiaidh 38 bliain le chéile. Ach phós sé arís an bhliain ina dhiaidh sin. Bhí tóir air gach áit ar fud an domhain. Bhí cuid mhór comhlachtaí gnó ag iarraidh é féin agus a ainm a úsáid ar mhaithe leo féin. Thiocfadh leis na milliúin punt a dhéanamh as sin ach níor bhac sé leis. Bhí páirtithe polaitiúla ag iarraidh é a bheith ina pholaiteoir leo ach dhiúltaigh sé sin fosta.

# NEIL ARMSTRONG





© THE WASHINGTON POST/GETTY IMAGES

# NEIL ARMSTRONG

## Ómós

Is iomaí gradam agus duais a fuair sé le linn an ama seo fosta. Cé gurbh fhearr leis saol ciúin a bheith aige, bhí sé mar laoch ar leith i measc na Meiriceánach. Laoch 'drogallach' a bhí ann, áfach. Nuair a fuair sé bás ar 25ú Lúnasa 2012 dúradh cuid mhór ina ómós agus moladh go mór é. Dúradh go raibh sé ina dhea-shampla dúinn uilig agus gur spreag sé na milliúin duine eile lena n-aisling a bhaint amach. Fear ionraic umhal cróga a bhí ann a d'oibrigh ar mhaithe le gach duine eile. Dúirt an tUachtarán Obama go raibh sé ar na laochra Meiriceánacha is mó dá raibh riamh ann agus nach ndéanfar dearmad de choíche. Ní beag an moladh sin.

# NEIL ARMSTRONG



© AFP/GETTY IMAGES






**COUNCIL** FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 +44 (0)28 9024 2063 info@ccea.org.uk www.ccea.org.uk

Rewarding Learning